Athbhreithnithe Márta 2009

FOIRM 14

AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

ALT 28

LEATHANACH 1 DE 2

AISGHAIRM ORDAITHE UM IONTRÁIL NEAMHDHEONACH NÓ ORDÚ ATHNUACHANA

Le comhlánú ag síciatraí comhairleach freagrach agus le chur chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte nuair a dhéantar ordú iontrála nó athnuachana a aisghairm.

BLOCLITREACHA (Sula ndéantar an fhoirm seo a chomhlánú léigh na nótaí thall le do thoil) De réir Cuid 2 den Acht Meabhair-Shláinte 2001

1. Ainm Iomlán an Othair

2. Dáta Breithe ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Inscne** F ☐ B ☐

Glacadh isteach go neamhdheonach é/í i

3. Ainm agus Seoladh an Ionaid Fhormheasta ar glacadh an t-othar isteach ann

Barda:

an

4. Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐

5. Ainm Iomlán an tSíciatraí Chomhairligh Fhreagraigh (agus Seoladh Gairmiúil más éagsúil le hAlt 3 thuas)

Rinne mé scrúdú ar an othar seo ar

6. Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Am:** ☐☐:☐☐
(clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)

Is é mo thuairim ná nach bhfuil mí-eagar meabhrach mar a dhéantar é a shainmhíniú san Acht Meabhair-Shláinte (2001) ar an othar seo a thuilleadh.

Thug mé cóip den fhoirm seo, mar atá sonraithe ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, don othar agus dá (h)ionadaí dlí, ag cur in iúl—

(a) go bhfuil sé nó sí á scaoileadh de bhun *Alt 28* den Acht Meabhair-Shláinte 2001,

AGUS

(b) go bhfuil sé nó sí i dteideal athbhreithniú ar a c(h)oimeád ag binse a fháil de réir forálacha *Alt 18* nó, áit a bhfuil tús curtha le hathbhreithniú den sórt sin, é a chríochnú de réir an ailt sin má shonraíonn sé nó sí amhlaidh trí fhógra scríofa a sheoladh chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte laistigh de 14 lá ón dáta a scaoileadh é nó í.

Leis seo déanaim an fhoirm iontrála/athnuachana a aisghairm

7. Dáta na haisghairme: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Am:** ☐☐:☐☐
(clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)

Tabhair sonraí le do thoil ar mhí-eagar meabhrach an othair ag baint úsáide as an gcóras I.C.D is deireanaí F ☐☐.☐☐.☐☐

Sínithe:

(Síciatraí Comhairleach Freagrach)

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Am:** ☐☐:☐☐
(clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)

Ní mór cóip den fhoirm seo a sheoladh chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte laistigh de 24 uair ó rinneadh an aisghairm.

Níl i gceist leis na nótaí seo ach treoir a chur ar fáil agus ní hionann iad agus ráiteas cruinn ar fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte 2001.

Díscaoileadh na Boird Sláinte leis an Acht Sláinte 2004. Ba chóir tagairtí do Bhoird Sláinte san Acht Meabhair-Shláinte 2001 a thuiscint mar thagairtí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

AILT DEN ACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

28.— (1) Áit a dtagann an síciatraí comhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil othair ar an tuairim nach bhfuil mí-eagar meabhrach ar an othar a thuilleadh, déanfaidh sé nó sí de réir ordaithe agus i bhfoirm a shonrófar ag an gCoimisiún an t-ordú iontrála nó an t-ordú athnuachana ábhartha, de réir mar a bheidh amhlaidh, a aisghairm, agus déanfaidh sé nó sí an t-othar a scaoileadh.

(2) Nuair a bheidh sé/sí ag cinneadh an ceart othar a scaoileadh faoin alt agus cathain ba cheart é nó í a scaoileadh, féachfaidh an síciatraí comhairleach atá freagrach as a c(h)úram agus a c(h)óireail leis an ngá le cinntiú:

(a) nach ndéantar an t-othar a scaoileadh go mí-oiriúnach, agus

(b) nach gcoimeádtar an t-othar de bhun ordú iontrála nó ordú athnuachana ach fad is a bheidh sé riachtanach le réasún chun cúram agus cóireáil cheart a thabhairt dó nó di.

(3) Áit a scaoileann síciatraí comhairleach othar faoin alt seo, tabharfaidh sé nó sí fógra i bhfoirm a shonrófar ag an gCoimisiún don othar atá i gceist agus dá (h)ionadaí dlí ag cur in iúl—

(a) go bhfuil sé nó sí á scaoileadh de bhun an ailt sin ,

(b) go bhfuil sé nó sí i dteideal athbhreithniú ar a c(h)oimeád ag binse a fháil de réir forálacha *Alt 18* nó, áit a bhfuil tús curtha le hathbhreithniú den sórt sin, é a chríochnú de réir an ailt sin má shonraíonn sé nó sí amhlaidh trí fhógra scríofa a sheoladh chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte laistigh de 14 lá ón dáta a scaoileadh é nó í.

(4) Áit a scaoileann síciatraí comhairleach othar faoin alt sin, cuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfar cóipeanna den ordú faoi *fho-alt (1)* agus go dtabharfar an fógra a bhfuil tagairt dó i *bhfo-alt(3)* don Choimisiún agus, áit ar cuí, go dtabharfar don bhord sláinte agus don údarás tithíochta ábhartha é.

(5) Áit a scaoiltear othar faoin alt seo—

(a) má tá athbhreithniú faoi *alt 18* tosaithe ansin, ba cheart críoch a chur leis ach má iarrann an t-othar trí fhógra scríofa a thabhairt don Choimisiún laistigh de 14 lá ó scaoileadh é nó í go gcríochnófaí é, nó

(b) mura bhfuil athbhreithniú den sórt sin tosaithe, ní reáchtálfar é ach má thugann an t-othar le fios trí fhógra scríofa a thabhairt don Choimisiún laistigh de 14 lá ó scaoileadh é nó í gur mian leis nó léi go reáchtálfaí an t-athbhreithniú sin, agus má iarrann sé nó sí go gcríochnófaí nó go reáchtálfaí an t-athbhreithniú sin faoi *alt 18,* de réir mar a bheidh amhlaidh, beidh forálacha *alt 17* go *19* i bhfeidhm maidir leis an athbhreithniú i dteannta le haon leasuithe riachtanacha.